Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
**PREASEISIÚINT uimh. 64/22**
Lucsamburg, 26 Aibreán 2022

Preas agus Eolas

Breithiúnas i gcásanna uamtha C-368/20 Landespolizeidirektion Steiermark agus C-369/20 Bezirkshauptmannschaft Leibnitz
(Uastréimhse rialaithe ag teorainneacha inmheánacha)

# I gcás bagairt thromchúiseach do bheartas poiblí nó do shlándáil inmheánach, féadfaidh Ballstát rialuithe ag a theorainneacha le Ballstáit eile a athbhunú, ach gan dul thar thréimhse iomlán sé mhí.

*Is sa chás go dtiocfaidh bagairt thromchúiseach nua chun cinn agus sa chás sin amháin go bhféadfadh go mbeadh údar maith le beart den sórt sin a chur i bhfeidhm arís.*

I gcomhthéacs na géarchéime imirce, d'athbhunaigh an Ostair rialú ag a teorainneacha leis an Ungáir agus leis an tSlóivéin ó lár mhí Mheán Fómhair 2015. Athbhunaíodh na rialuithe sin arís roinnt uaireanta, agus sonraíodh go raibh an Ostair, don tréimhse ón 16 Bealtaine 2016 go dtí an 10 Samhain 2017, ag brath ar cheithre mholadh chomhleanúnacha ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Ón 11 Samhain 2017, d'athbhunaigh an Ostair rialuithe teorann, ar a tionscnamh féin, ar feadh roinnt tréimhsí chomhleanúnacha sé mhí.

Mar thoradh ar an athbhunú sin, rialaíodh NW ag pointe trasnaithe teorann Spielfeld agus é ag teacht isteach san Ostair ón tSlóivéin i mí Lúnasa agus mí na Samhna 2019. Ina theannta sin, gearradh fíneáil 36 euro ar NW as diúltú a phas a thaispeáint.

Agus é ag creidiúint go raibh na rialuithe sin agus an fhíneáil contrártha le dlí AE agus go háirithe le Cód Teorainneacha Schengen, thug NW achomharc chuig an gCúirt Riaracháin Réigiúnach Styria.

Tá amhras ar an gcúirt sin an gceadaítear, le Cód Teorainneacha Schengen don Ostair, ar a tionscnamh féin, rialú teorann a athbhunú ar feadh tréimhse thar an uastréimhse iomlán sé mhí. Chinn sí mar sin bac a chur ar na himeachtaí agus roinnt ceisteanna a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú.

Ina breithiúnas inniu, meabhraíonn an Chúirt go leagtar síos i gCód Teorainneacha Schengen an prionsabal go bhféadfar teorainneacha idir Ballstáit a thrasnú ag aon phointe gan rialú teorann a dhéanamh ar dhaoine, beag beann ar a náisiúntacht. Tá cruthú limistéir ina n-áirithítear saorghluaiseacht daoine gan teorainneacha inmheánacha ar cheann de na príomhnithe atá bainte amach ag an Aontas. Dá bhrí sin, ní mór go bhfanfadh athbhunú rialú ag teorainneacha inmheánacha eisceachtúil agus níor cheart é a úsáid ach mar rogha dheireanach.

Dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, **ceadaítear le Cód Teorainneacha Schengen do Bhallstát, i gcás bagairt thromchúiseach ar a bheartas poiblí nó ar a shlándáil inmheánach, rialuithe a athbhunú go sealadach ag a theorainneacha le Ballstáit eile. Mar sin féin**, cinneann an Chúirt **nach bhféadfaidh beart den sórt sin**, lena n-áirítear aon síntí féideartha, **dul thar an uastréimhse iomlán sé mhí.**

Go deimhin, mheas reachtas an Aontais gur leor tréimhse sé mhí chun go nglacfadh an Ballstát lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí i gcomhar le Ballstáit eile, bearta chun déileáil leis an mbagairt sin agus, tar éis na tréimhse sé mhí sin, prionsabal na saorghluaiseachta á chaomhnú aige.

Sonraíonn an Chúirt, áfach, **go bhféadfaidh Ballstát beart den sórt sin a athbhunú, fiú go díreach tar éis dheireadh na tréimhse sé mhí, nuair a bhíonn bagairt thromchúiseach nua**

**ann lena ndéantar difear dá bheartas poiblí nó dá shlándáil inmheánach**, atá éagsúil uaidh sin a sainaithníodh ar dtús, rud nach mór a mheasúnú i ndáil leis na cúinsí agus leis na gníomhartha nithiúla.

Ar an dara dul síos, i gcás cúinsí eisceachtúla lena ndéanfaí feidhmiú foriomlán an limistéir Schengen a chur i mbaol, féadfaidh an Chomhairle a mholadh go ndéanfaidh Ballstát amháin nó níos mó rialuithe ag a dteorainneacha inmheánacha a athbhunú, ar feadh uastréimhse dhá bhliain.

Tar éis dheireadh an dá bhliain sin, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann, sa chás go bhfuil bagairt thromchúiseach nua ar a bheartas poiblí nó ar a shlándáil inmheánach agus na coinníollacha go léir a leagtar síos i gCód Teorainneacha Schengen á gcomhlíonadh aige, rialuithe a athbhunú arís ar feadh uastréimhse iomlán sé mhí.

**Sa chás seo, is cosúil, ón 10 Samhain 2017**, nuair a chuaigh an moladh deireanach de mholtaí na Comhairle in éag, **nach bhfuil sé léirithe ag an Ostair go bhfuil bagairt nua ann**, agus dá dheasca sin go mbeadh an dá bheart a raibh NW faoina réir ar neamhréir le Cód Teorainneacha Schengen, rud atá fós faoi Cúirt Riaracháin Réigiúnach Steiermark a fhíorú, áfach.

Ina theannta sin, cinneann an Chúirt **nach féidir oibleagáid a chur ar dhuine, faoi réir pionóis, pas nó cárta aitheantais a thaispeáint agus iad ag teacht isteach ó Bhallstát eile i gcás ina bhfuil athbhunú rialuithe teorann contrártha do Chód Teorainneacha Schengen**.

---

**TABHAIR FAOI DEARA:** Tá sé mar aidhm ag an tarchur chun réamhrialú a cheadú do chúirteanna na mBallstát, i gcomhthéacs díospóide os a gcomhair, ceist a chur ar an gCúirt Bhreithiúnais maidir le léirmhíniú dhlí AE nó maidir le bailíocht gnímh AE. Ní réitíonn an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé an cás a réiteach i gcomhréir le cinneadh na Cúirte Breithiúnais. Tá an cinneadh seo ceangailteach, ar an gcaoi chéanna, ar na cúirteanna nó binsí náisiúnta eile a bhfuil fadhb chomhchosúil os a gcomhair.

---

*Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.*

*Foilsítear an téacs iomlán agus achoimre an bhreithiúnais ar shuíomh Gréasáin CURIA ar an lá go dtabharfar an breithiúnas.*

*Uimhir theagmhála don phreas: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355*

*Tá fáil ar íomhánna thabhairt an bhreithiúnais ag "Europe by Satellite" ☎ (+32) 2 2964106*